C/2026/731

2.2.2026

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12249 — BLACKSTONE / TPG / HOLOGIC)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2026/731)

1. An 23 Eanáir 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Blackstone Inc. ('Blackstone'), Stáit Aontaithe Mheiriceá, a bhaineann leis an ngrúpa Blackstone Group Management LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, atá faoi rialú aonair ag an Uasal Stephen A. Schwarzman,

— TPG Inc. ('TPG'), Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Hologic, Inc. ('Hologic'), Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Faigheann Blackstone agus TPG rialú comhpháirteach ar Hologic de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Blackstone.

— Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é TPG.

— Is forbróir, monaróir agus soláthróir táirgí diagnóiseacha, córas íomháithe leighis agus táirgí máinliachta é Hologic atá dírithe go príomha ar shláinte agus ar fholláine na mban trí luathbhrath agus cóireáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12249 — BLACKSTONE / TPG / HOLOGIC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË